

SACRAIMINT AN CHÓINEARTAITHE (LASMUIGH DEN AIFREANN)

Le linn searmanas an Chóineartaithe, glaotar ar na hiarrthóirí Cóineartaithe, agus tagann gach ceann acu ar aghaidh lena c(h)ara as Críost. Ina dhiaidh sin déantar Gealltanais an Bhaiste a athnuachan, a leagann béim arís ar an nasc atá ann idir sacraimintí an Bhaiste agus an Chóineartaithe. Leathnaíonn an t-easpag agus/nó an sagart/na sagairt atá ag mineastráil na sacraiminte a lámha thar na hiarrthóirí agus iarrann sé/siad ar Dhia an Spiorad Naomh a sheoladh orthu. Tugtar achainí an Spioraid Naoimh air seo. Is é comhartha sacraimintiúil an Chóineartaithe ná an t-ungadh le criosma leis na focail ‘Bí séalaithe le tabhartas an Spioraid Naoimh’. Iad siúd atá ungha ag an gCóineartú ‘roinneann siad níos iomláine i misean Íosa Críost agus in iomláine an Spioraid Naoimh lena bhfuil sé líonta, ionas go mbeidh “cumhra Chríost” ina saoil acu (Caiticíosma na hEaglaise Caitlicí [ChEC], uimh. 1294). Tríd an unghadh seo, faigheann na daoine atá cóineartaithe ‘marc’ nó séala an Spioraid Naoimh (CCC, uimhir 1295)

RÉAMH-NÓTAÍ

Dáta: _____

Am: _____

Ceiliúraí (Ceiliúraithe): _____

Geol

Cuirfear go mór le Searmanas an Chóineartaithe trí cheoltóirí agus/nó cóir a bheith i láthair, cibé acu ón bparóiste nó ón scoil iad. Tugtar roinnt moltaí ar iomann thíos, ach níl iontu ach moltaí. Ná bíodh eagla ort roghanna oiriúnacha eile a úsáid, ach cinntiú go mbíonn na focail le canadh ag an bpobal iomlán.

Ag ullmhú Foirgneamh an tSéipéil

Is maith le go leor múinteoirí oibriú le pobal an pharóiste chun an séipéal a mhaisiú, ionas go mbeidh sé fáilteach agus cairdiúil do pháistí agus do theaghlach, agus chun onóir a thabhairt don ócáid speisialta atá á ceiliúradh. Tá roinnt pointí le cur san áireamh sa chás seo:

- Tugann bláthanna onóir d’ár dteagmháil le Dia. Is cuí bláthanna a chur timpeall an sanctóra ach ní ar an altóir féin. Is féidir bláthanna a chur sa halla iontrála/sa phóirse chun fáilte agus féile a chur in iúl.
- Ní gá do na páistí saothar ealaíne a ullmhú don séipéal. I gcásanna áirithe, is féidir le saothar ealaíne na bpáistí aird a thógáil ón searmanas féin. D’fhéadfadh sé a bheith oiriúnach, áfach, saothar ealaíne na bpáistí a thaispeáint i halla iontrála/póirse an tséipéil.

SACRAIMINT AN CHÓINEARTAITHE (lasmuigh den Aifreann)

Iomann/Amhrán Iontrála

- Féach thíos le moltaí ó *I nGrá Dé*

Fíor na Croise agus Beannú

Cur i Láthair na Siombailí

- Má bhíonn siombailí ag na hiarrthóirí a léiríonn a gcumas nó a gcuid oibre mar ullmhúchán chun Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh, is é seo an t-am cuí chun iad a thabhairt ar aghaidh chuig an sanctóir.
- Bíodh spás/bord eagraithe sa sanctóir – áit is féidir na siombailí seo a chur agus a bheith sofheicthe, ach gan é a bheith os comhair na haltóra ná an ambo.
- Is féidir le tráchtairacht a bhfuil script leis agus ceol ciúin machnamhach a bheith in éineacht leis na siombailí seo agus iad á thabhairt ar aghaidh.

Gníomh Aithrí

LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

Nuair a dhéantar Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh lasmuigh d'Aifreann Dé Domhnaigh is féidir roinnt nó gach ceann de na léachtaí a thógáil ó Aifreann an lae nó ó Aifreann na hIonadachta Críostaí. B'fhéidir go mba mhaith leat léachtaí a úsáid a mholtar sa Churaclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015). Tá liosta de na léachtaí seo thíos. Más é an t-easpag áitiúil atá chun an sacraimint a cheiliúradh, d'fhéadfadh sé a iarraidh go n-úsáidfí léachtaí áirithe.

Is gá an chéad agus an dara léacht a fhógairt ón Leicseanár. Ní 'léitear' Briathar Dé ag an Aifreann, fógraítear é. Mar sin, is é an duine is oiriúnaí chun an obair seo a dhéanamh ná Ministir an

An Chéad Léacht (SeanTiomna)

Moltaí ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015):

- Íseáia 42:1-4 (An Spiorad curtha anuas)
- Íseáia 43:1-4 ('Ghlaoigh mé ort i d'ainm')
- Irimia 1:4-9 (Glaó Irimia)
- Míocá 6:6-8 (Céard a iarrann an Tiarna ort?)

Téacs: _____

Fógairte ag _____

An Salm le Freagra

Ba chóir an salm a chanadh. Tá sé faoi stiúir an salmaire, an chantóra nó an chóir. Ba chóir go mbeadh sé éasca don phobal agus do na ministrí uile a bpáirt a ghlacadh agus an freagra a chanadh gach uair.

Féach thíos le moltaí ó I nGrá Dé.

Faoi stiúir: _____

An Dara Léacht (An Tiomna Nua)

Moltaí ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015):

- Gníomhartha 1:12-14 (Ag feitheamh ar an Spiorad Naomh)
- Gníomhartha 2:1-13 (An Chincís)
- Gníomhartha 4:32-35 (An Luath-Eaglais)
- Gníomhartha 8:14-17 (Cóineartú sa Luath-Eaglais)
- 1 Corantaigh 12:4-11 (Tíolacthaí an Spioraid)

Téacs: _____

Fógraithe ag: _____

Comhgháir an tSoiscéil

Ba chóir Comhgháir an tSoiscéil a chanadh. Déanann an pobal agus na ministrí go léir athrá ar an gcomhgháir i ndiaidh an chantóra nó an chóir. Canann an cantóir nó an cór an véarsa. Déanann an pobal agus na ministrí go léir athrá ar an gcomhgháir tar éis an véarsa a chanadh.

An véarsa canta ag: _____

An Soiscéal

Moltaí ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015):

- Lúcas 24:13-35 (Ar an mbóthar go hEamáus)
- Matha 5:1-14 (An tSeanmóir ar an Sliabh)
- Lúcas 4:16-22 ('Tá Spiorad an Tiarna orm')
- Eoin 16:12-15 (Geallann Íosa an Spiorad Naomh)
- Matha 3:13-17 (Baisteadh Íosa)
- Eoin 14:15-17 (An Spiorad mar Abhcóide)

Fógraithe ag: _____ (sagart/deochain)

An Homaile

DEASGHNÁTH AN CHÓINEARTAITHE

Tarlaíonn Deasghnáth an Chóineartaithe mar seo a leanas:

1. Athnuachan Gheallúintí an Bhaiste
2. Leagan na Lámh
3. Ungadh le Criosma

1. Athnuachan Gheallúintí an Bhaiste

Ceiliúraí: An ndiúltaíonn tú do Shátan?

Iarrthóirí: Diúltaím.

Ceiliúraí: Agus dá oibreacha go léir?

Iarrthóirí: Diúltaím.

Ceiliúraí: Agus dá chuid geallúintí folmha go léir?

Iarrthóirí: Diúltaím.

Ceiliúraí: An gcreideann tú i nDia, an tAthair uilechumhachtach, cruthaitheoir neimhe agus talún?

Iarrthóirí: Creidim.

Ceiliúraí: An gcreideann tú in Íosa Críost, a aon Mhacsan, ár dTiarna, a rugadh ó Mhuire Ógh, a céasadh, a fuair bás agus a adhlacadh, a d'éirigh ó mhairbh, agus atá anois ina shuí ar dheis an Athar?

Iarrthóirí: Creidim.

Ceiliúraí: An gcreideann tú sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, a tháinig ar na haspail um Chincís agus atá á bhronnadh ort inniu i sacraimint an Chóineartaithe?

Iarrthóirí: Creidim.

Ceiliúraí: An gcreideann tú sa NaomhEaglais chaitliceach, i gcomaoin na naomh, i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne agus sa bheatha shíoraí?

Iarrthóirí: Creidim.

Ceiliúraí: Is é seo ár gcreideamh. Is é seo creideamh na hEaglaise. Fógraímís go bródúil é trí Chríost ár dTiarna.

Iarrthóirí: Áiméan..

Iarrthóir: Agus le do spiorad féi

Cuireann baill teaghlai agus/nó cairde as Críost an t-iarrthóir ar aghaidh chuig an easpag/ceiliúraí don Chóineartú. Cuireann an cara as Críost a lámh ar ghualainn an iarrthóra mar chomhartha

2. Leagan na Lámh

Ceiliúraí: A phobail Dé na páirte, tríd an mbaisteadh rugadh an chlann seo athuair chun na beatha síoraí agus rinne Dia, an tAthair uilechumhachtach, clann atrama díobh. Iarraimis ar ár nAthair an Spiorad Naomh a dháileadh anuas orthu go caoin chun iad a neartú le flúirse a bhronntanas agus iad a chur i gcosúlacht, trína unghadh, le Críost Mac Dé.

Seal tosta chun urnaí – leagann an ceiliúraí (agus na sagairt atá ag cuidiú leis) a lámha thar na hiarrthóirí go léir. Deir (nó canann) an ceiliúraí ina aonar:

Ceiliúraí: A Dhia uilechumhachtaigh, Athair ár dTiarna Íosa Críost, shaor tú do chlann anseo ón bpeaca le huisce agus leis an Spiorad Naomh agus bhronn tú beatha nua orthu. Tabhair dóibh spiorad na heagna agus na tuisceana, spiorad an bhreithiúnais chóir agus an mhisnigh, spiorad an eolais agus na hurraime. Líon iad le spiorad an iontais agus na heagla i do láthair. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

3. Ungadh le Críost

Ceiliúraí: '(Ainm), go raibh tú séalaithe le tabhartas an Spioraid Naomh.'

Iarrthóir: Áiméan.

Ceiliúraí: Síocháin leat.

Guí an Phobail

Is é an deochain a chuireann na hintinní le haghaidh Guí an Phobail i láthair. Muna mbíonn deochain i láthair, cuireann ionadaí eile ón bpobal na hintinní i láthair. Ar an ócáid seo bheadh sé oiriúnach do dhuine, nó níos mó de na hiarrthóirí, Guí an Phobail a chur i láthair. Má chuireann duine de na hiarrthóirí intinn i láthair, bheadh sé fiúntach an téacs a bheith cumtha ag an bpáiste féin, le cabhair.

Intinní Samplacha

1. Guímis ar son an Phápa; (*sos chun guí*) go mbeimid faoi stiúir agus faoi threoir a theagasc agus a shampla. A Thiarna, éist linn.
2. Guímis ar son ár dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí, ár gcéad mhúinteoirí; (*sos chun guí*) go mbeidh siad ina múinteoirí maithe i ng
3. Guímis ar son na daoine a chabhraigh linn ullmhú don lá seo, go háirithe ár múinteoir(i) _____; (*sos chun guí*) go mbeannaí Dia iad ina gcuid oibre. A Thiarna, éist linn.
4. Guímis ar son na daoine breoite, nach féidir leo a bheith linn anseo inniu; (*sos chun guí*) go mbeidh láithreach leighis Dé ina saol. A Thiarna, éist linn.
5. Guímis ar son na daoine a fuair bás; (*sos chun guí*) go mbeidh síocháin acu le Dia ar neamh. A Thiarna, éist linn..

Críochnaithe ag an sagart

An Phaidir

Réamhrá ón sagart

Gach duine: *An Phaidir*

NA DEASGHNÁTHA DEIRIDH

Beannacht deiridh agus Gnás Scaipthe

Iomann/Amhrán Deiridh

- Féach na moltaí thíos ó *InGrá Dé*

